

### Láidreachtaí

Ta caidreamh maith idir tuismitheoirí agus foireann na scoile.  
Tá caidreamh maith idir scoláirí agus foireann na scoile.  
Tá cleachtais maithe ó thaobh teagaisc agus foghlama i bhfeidhm trasna an churaclaim.  
Tá an chuid is mó de scoláirí na scoile sásta sa scoil agus leis an teagasc agus an fhoghlaim atá á fháil acu anseo.  
Tá an chuid is mó de thuismitheoirí na scoile sásta leis an teagasc agus an fhoghlaim atá á fháil ag a ngasúir anseo.  
Tá iompraíocht ár scoláirí ar fheabhas.  
Ta áiseanna maithe teicneolaíochta sa scoil agus tá na múinteoirí oilte leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht.  
Tá tacaíocht laidir ó thuismitheoirí/caomhnóirí na scoile.  
Tá scoláirí na scoile dearfach, gníomhach agus tá dúil acu deiseanna a ghlacadh chun an fhorbairt phearsanta, chognaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.  
Tógadh 81% Páipéir Scrúduithe Ard Leibhéal sa Teastas Sóisearach i 2013 agus bhí 74% A, B, C mar thoradh.  
Deir 70% de scoláirí na scoile gur mian leo a bheith ag léamh.  
Deir 68% de scoláirí na scoile gur maith leo ficsean a léamh.

Tá a fhios againn gurb iad seo ár láidreachtaí mar d'fhreagair tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí ceistneoirí faoi réimse maith gnéanna de shaol na scoile.

**2.2** Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na **réimsí forbartha** seo a leanas:

### Réimsí forbartha

Cur chun cinn na leabharlainne agus na léitheoireachta i measc scoláirí i gcomhthéacs an Straitéis Litearthachta agus Uimhearachta Náisiúnta.  
Poiblíocht níos fearr a thabhairt d'uaireanta osclaite na Leabharlainne.  
Réimse níos mó leabhair a cheannach a mbeadh suim ag déagóirí óga iontu, ionas go mbainfeadh siad níos mó úsáide as an Leabharlann agus go gcoinneoidís ag úsáid na leabharlainne sna ranganna sinsir.  
Díriú ar na hEocharfhocail is tábhachtaí agus is coitianta sna hábhair agus sna seomraí ranga éagsúla.  
Grúpafócas a bhunú a bheidh ag plé le dul chun cinn na litearthachta agus na huimhearachta sa scoil.  
Polasaí Tinrimh a fhorbairt le áird scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí a dhíriú ar thábhacht freastal rialta ar scoil, le súil go dtiocfaidh feabhas ar ár léibhéil tinrimh.  
Deir 30% de scoláirí na scoile nach maith leo rud ar bith a léamh.  
Deir 38% nach gcaitheann siad ach uair a chloig ag léamh i rith na seachtaine.  
Ní úsáideann 61% de scoláirí na scoile leabharlann na scoile.  
Ní úsáideann ach 8% de scoláirí na scoile leabharlann na scoile uair sa tseachtain.

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc tábhacht na scileanna litearthachta agus uimhearachta sa saol agus an bhaint atá acu leis na hábhair ar fad trasna an churaclaim.